Foirm iarratais ar
# Shaorthaisteal do Chompánach Faoi 70

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

**FT U/70**

**Aicmiú Sonraí Rúnda R**

## Cad is Saorthaisteal do Chompánach Faoi Bhun 70 Bliain d'Aois ann?

Má **tá** tú faoi 70 bliain d'aois agus ag fáil Saorthaistil ach níl tú in ann taisteal i d'aonar, féadfar cead a thabhairt duit compánach atá 16 bliana d'aois nó níos sine a bheith agat chun taisteal leat saor in aisce. Féadfaidh teidlíocht ar Shaorthaisteal do Chompánach faoi 70 bliain d'aois a bheith faoi réir athbhreithnithe thréimhsiúil.

Mura bhfuil tú ag fáil Saorthaistil, comhlánaigh an fhoirm chlárúcháin Saorthaisteal (FT1) atá ar fáil ó **www.gov.ie/FT1** 'Ionad Intreo áitiúil. Ní féidir leat, áfach, cur isteach ar Shaorthaistil mura bhfuil Cárta Seirbhísí Poiblí (CSP) agat. Chun CSP a fháil, cuir coinne in áirithe le do thoil ag d'Ionad Intreo áitiúil, agus tá sonraí ina dtaobh le fáil ag **www.gov.ie/intreocentres**.

Má tá Cárta Seirbhísí Poiblí agat cheana féin le Saorthaisteal do Chompánach faoi 70 bliain d'aois agus má tá sé caillte, goidte nó damáistithe, cuir glaoch ar 0818 837 000 chun cárta athsholáthair a iarraidh - ná comhlánaigh an fhoirm seo.

## Conas an fhoirm iarratais a chomhlanú?

Tá sampla ar chúl an leathanaigh seo is féidir a úsáid mar threoir chun an fhoirm seo a chomhlánú:

- Go scríobhann tú le peann gránbhiorach **dubh** ballpoint pen, bain úsáid as **ceannlitreacha** agus cuir **X** sna boscaí ábhartha
- Comhlánigh **Cuid 1** agus **Cuid 2** den fhoirm seo agus sínigh agus dátaigh an dearbhú **agus**
- Iarr ar do dhochtúir **Cuid 3** a chomhlánú.

**Nóta:** Beidh d'uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) ag teastáil uait chun an fhoirm seo a chomhlánú.

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Seol an fhoirm chomhlánaithe seo chuig:

**An Rannóg Saorthaistil**
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach
F91 T384

## Conas is féidir liom cabhair agus tuilleadh eolais a fháil?

**e**Má tá aon chabhair uait chun an fhoirm seo a chomhlánú, téigh i dteagmháil leis an rannóg Saorthaistil le do thoil, trí ríomhphost ag **freetravelqueries@welfare.ie** nó trí ghlaoch a chur ar **071 915 7100** nó **0818 200 400**.

Is féidir le d'Ionad Intreo áitiúil, d'Oifig Leasa Shóisialaigh nó aon Ionad Eolais do Shaoránaigh cabhair a thabhairt duit freisin. Is féidir leat ainm agus seoladh d'Ionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh a fháil trí chuairt a thabhairt ar **www.gov.ie/intreocentres**.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, téigh chuig **www.gov.ie/FreeTravelScheme.**

## Conas an fhoirm seo a chomhlánú

Chun cabhrú linn an fhoirm seo a phróiseáil, scríobh litreacha agus uimhreacha go soiléir agus bain úsáid as bosca amháin do gach ceann acu. Féach samplaí thíos.

## Cuid 1 Do shonraí

**1.** Uimhir PSP: 1234567T

**2.** Sloinne: MURPHY

**3.** Céadainmneacha: MAUREEN

**4.** Dáta breithe: 28 02 1948
L L M M B B B B

**5.** Seoladh:
1 SRÁID NUA
SEANBHAILE
BAILE DHÚN NA NGALL
Contae DÚN NA nGALL Éirchód C15A96V

**6.** Uimhir Theileafóin: 0881234567

**7.** Seoladh ríomhphoist: MMURPHY@WELFARE.IE

SAMPLA

Foirm iarratais ar

# Shaorthaisteal do Chompánach Faoi 70

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

**FT U/70**

**Aicmiú Sonraí Rúnda R**

## Cuid 1 Do shonraí

**1.** Uimhir PSP:

**2.** Sloinne:

**3.** Céadainmneacha:

**4.** Dáta breithe: L L M M B B B B

**5.** Seoladh:

Contae

Éirchód

**6.** Uimhir Theileafóin:

**7.** Seoladh ríomhphoist:

## Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas ar fad atá tugtha agam ar an bhfoirm seo ionraic, cruinn agus iomlán, agus go bhfuilim i mo chónaitheoir dlíthiúil agus ag cónaí go buan sa Stát. Tuigim má tá aon eolas a thug mé bréagach nó míchruinn nó má theipeann orm aon eolas ábhartha a nochtadh, beidh orm gach buntáiste a fhaighim ón roinn a hathíoc agus féadfar an dlí a chuir orm. Geallaim go gcuirfidh mé an Roinn ar an eolas láithreach faoi aon athrú ar mo chúinsí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do mo theidlíocht leanúnach.

Dáta: L L M M 2 0 B B

Sínigh nó marcáil mura féidir síniú a thabhairt, **ná húsáid** ceannlitreacha.

Mura féidir leat síniú a thabhairt, bíodh finné agat agus tú á mharcáil agus lig don fhinné síniú a thabhairt thíos.

Dáta: L L M M 2 0 B B

Síniú an fhinné, **ní** i gceannlitreacha.

**Rabhadh:** Má dhéanann tú ráiteas bréagach nó faisnéis a choinneáil siar, féadfar tú a ionchúiseamh, rud a dtiocfaidh fíneáil, téarma príosúin nó an dá rud as.

## Cuid 2 — Cead chun eolas leighis a eisiúint

Tríd an t-údarú thíos a shíniú, ceadóidh sé do dhochtúir an t-eolas leighis riachtanach a thabhairt don Roinn Coimirce Sóisialaí chun d'iarratas ar Shaorthaisteal do Chompánach Faoi 70 bliain d'aois.

Déanfaidh duine dár Measúnóirí Leighis athbhreithniú ar an bhfaisnéis liachta a sholáthraítear agus déileálfar léi faoi rún daingean.

Tar éis duit an t-údarú a shíniú, tabhair an fhoirm seo do do dhochtúir agus iarr orthu Cuid 3 a chomhlánú.

Tugaim cead do mo dhochtúir eolas leighis a sholáthar don Roinn Coimirce Sóisialaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le haghaidh m'iarratas ar Shaorthaistil do Chompánach Faoi 70 bliain d'aois.

Dáta: __ __ (L L) __ __ (M M) 2 0 2 __ (B B B B)

Do shíniú, **ní** i gceannlitreacha.

Mura féidir leat síniú a thabhairt, bíodh finné agat agus tú á mharcáil agus lig don fhinné síniú a thabhairt thíos.

Dáta: __ __ (L L) __ __ (M M) 2 0 2 __ (B B B B)

Síniú finné, **ná** déan i gceannlitreacha.

## Cuid 3 — Tuarascáil leighis

Níor cheart an fhoirm seo a chomhlánú ach do dhuine **faoi** 70 bliain d'aois. Ní íocfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí táille leighis má chomhlánaítear an fhoirm seo do dhuine os cionn 70 bliain d aois.

A Dhochtúir, a chara,

Le cur ar ár gcumas, thar ceann d'othair, measúnú a dhéanamh ar a cháilitheacht nó a n-incháilitheacht leanúnach do Shaorthaisteal do Chompánach Faoi 70 Bliain d'Aois, comhlánaigh an tuairisc leighis sna leathanaigh ina dhiaidh seo. Déanfaidh ár Measúnóirí Leighis athbhreithniú air agus láimhseálfar é faoi rún daingean. Cé gur doiciméad rúnda é, léifidh daoine leighis agus neamhleighis é.

Is féidir táille speisialta a fháil as an tuairisc seo a líonadh isteach agus a chur ar ais. Cuir isteach d'uimhir phainéil ón RCS sa bhosca atá curtha ar fáil, le do thoil, chun íocaíocht a chinntiú.

Tá foráil san Acht um Shaoráil Faisnéise maidir le nochtadh eolas leighis nó eolais shíciatraigh do d'othar go díreach. I gcás ina bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag nochtadh na faisnéise don othar ar a shláinte fhisiciúil nó mheabhrach nó ar a fholláine, féadfar an fhaisnéis seo a thabhairt do liachleachtóra, arna ainmniú ag an éilitheoir.

## Tuarascáil leighis

**1.** Sonraí an othair

Sloinne:

Céadainm:

Seoladh:

Contae | Éirchód

Dáta breithe: L L M M B B B B

Uimhir PSP:

Uimhir Theileafóin:

**Nóta:** Más uimhir fóin póca í, féadfar dul i dteagmháil leis an othar trí theachtaireacht téacs maidir le measúnú leighis.

**2.** Mar othar agatsa ó: L L M M B B B B

**3.** Diagnóis nó diagnóisí:

**4.** Cóid ICD10:

**5.** Dáta ar thosaigh an riocht: L L M M B B B B

**6.** Cén fhad a leanfaidh an riocht sláinte seo ar aghaidh, dar leat?

- ☐ níos lú ná 3 mhí
- ☐ 3-6 mhí
- ☐ 6-12 mhí
- ☐ 12-24 mhí
- ☐ thar thréimhse éiginnte

**7.** Tabhair an t-eolas seo a leanas, le do thoil:

Stair leighis:

Stair mháinliachta nó chnáimhseach:

Othair Isteach an ospidéil:

Imscrúduithe ábhartha:

**8.** Tabhair sonraí le do thoil má bhíonn feidhm ag aon cheann díobh seo a leanas:

Freastal ar speisialtóir:

Ag tógáil cógais:

Cóireáil eile:

Torthaí cliniciúla:

9. Ceangail aon tuarascálacha ábhartha agus torthaí imscrúduithe.

Eolas Breise:

## Tuarascáil leighis

### Próifil Cumais nó próifíl míchumais

**10.** Cuir in iúl a mhéid a chuaigh riocht d'othair i bhfeidhm ar a gcumas i **gach** ceann de na réimsí seo a leanas:

| | Gnách | Séimh | Measartha | Dian | Domhain |
|---|---|---|---|---|---|
| Sláinte Mheabhrach → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Foghlaim → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Comhfhios → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Seasamh → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Amharc → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Siúil → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

**11.** D'fhéadfadh go mbeadh measúnú leighis ag teastáil ó dhuine de Mheasúnóirí Leighis na Roinne chun incháilitheacht a chinneadh.

An bhfuil d'othar aclaí ó thaobh leighis de le freastal ar mheasúnú leighis? ☐ Tá ☐ Níl

Más **níl**, tabhair sonraí:

**12.** An bhfuil cathaoir rothaí á úsáid ag d'othar le haghaidh soghluaisteachta ar bhonn buan? ☐ Tá ☐ Níl

**13.** An bhfuil d'othar cláraithe le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill nó le Conradh Náisiúnta na hÉireann? ☐ Tá ☐ Níl

### Sonraí an dochtúra

Ainm an Dochtúra:

Uimhir phainéil ón RCS: Uimhir ó CDL (IMC):

Seoladh:

Contae Éirchód

Síniú an dochtúra, **ná** scríobh i gceannlitreacha.

Stampa oifigiúil an dochtúra

Dáta: L L / M M / 2 0 B B
(L L M M B B B B)

## Cuid 4 Seicliosta

| | | |
|---|---|---|
| An bhfuil tú ag fáil Saorthaistil? | ☐ Tá | ☐ Níl |

Mura bhfuil, ní mór duit an fhoirm chlárúcháin Saorthaistil (FT1) atá ar fáil ó **www.gov.ie/FT1** nó d'Ionad Intreo áitiúil a chomhlánú freisin

| | | |
|---|---|---|
| An bhfuil an Dearbhú i **gCuid 1** sínithe agat? | ☐ Tá | ☐ Níl |
| An bhfuil **Cuid 2** chun ligean do do dhochtúir d'eolas leighis a roinnt leis an Roinn Coimirce Sóisialaí sínithe agat? | ☐ Tá | ☐ Níl |
| An bhfuil **Cuid 3** comhlánaithe agus stampáilte ag do dhochtúir? | ☐ Tá | ☐ Níl |

## D'úsáid oifigiúil amháin

Bronnfar Saorthaisteal do Chompánach faoi 70 bliain d'aois má mheastar nach bhfuil an t-éilitheoir in ann taisteal gan tionlacan ó thaobh leighis de. Sa chás seo meastar go bhfuil an t-iarratasóir:

☐ Oiriúnach ☐ Mí-oiriúnach ☐ Teastaíonn tuilleadh fianaise leighis

Dáta: __ __ / __ __ / 2 0 2 __
L L M M B B B B

Do shíniú, **ní** i gceannlitreacha.

**Ráiteas um Chosaint Sonraí**

Riarann an Roinn Coimirce Sóisialaí córas cosanta sóisialta na hÉireann. Ceanglaítear ar chustaiméirí sonraí pearsanta a chur ar fáil ionas go mbeifear in ann a n-incháilitheacht d'íocaíochtaí agus sochair ábhartha a chinneadh. Féadfar sonraí pearsanta a mhalartú le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile i gcás ina bhforáiltear dó sin le dlí. Is féidir teacht ar ár mbeartas um chosaint sonraí ag **www.gov.ie/dsp/privacystatement** nó i gcóip chrua.

Is mar threoir amháin a bheartaítear mínithe agus téarmaí a úsáidtear san fhoirm seo agus ní léirmhíniú dlíthiúil iad.

12K 02-23

Eagrán: Feabhra 2023